Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Ábhar:

Uimhir an Chiorcláin:
2210/22

PLEANÁIL LE HAGHAIDH FORBAIRT SCOILE-RIALACHÁIN & TREOIR

Dáta Eisiúna:
7 Eanáir 2011

Spriocléitheoirí:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí gach scoil deontaschúnta;
- Boird Oideachais agus Leabharlann;
- Foireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Cumann na mBord Bainistíochta; agus
- Ceardchumainn na Múinteoirí.

Feasacht Gobharnóirí
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Eolas do scoileanna

Cáipéisí Gaolmhara:
Ciorclán 2005/19

Cáipéisí Dímholta:
Ciorclán 2005/19
(le héifeacht ó Eanáir 2010)

Achoimre:

Leagann an Ciorclán seo amach na riachtanais atá ar na Boird Ghobharnóirí i dtaca le plean forbartha scoile a ullmhú, agus athbhreithniú a dhéanamh air ó am go chéile, de réir SR 2010 Uimh. 395, Na Rialacháin Oideachais (Pleananna Forbartha Scoileanna) (Tuaisceart Éireann) 2010, a thiocfaidh i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2011.

Dáta Éaga:

Fiosrúcháin:
Ba chóir aon fhiosrúchán faoina bhfuil sa Chiorclán seo a sheoladh chuig:
An tUasal Chris Hutchinson
An Fhoireann um Chaighdeáin agus Fheabhsú
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
Rathgill
Beannchar BT19 7PR

Láithreán Gréasáin
http://www.deni.gov.uk

Guthán: 028 9127 9415
Facs: 028 9127 9100
Ríomhphost:
chris.hutchinson@deni.gov.uk

PLEANANNA FORBARTHA SCOILEANNA - RIALACHÁIN AGUS TREOIR

Réamhrá

1. Is é aidhm an Chiorcláin seo comhairle a thabhairt do scoileanna maidir le rialacháin agus treoir athbhreithnithe, ag leagan amach na riachtanais atá ar Bhoird Ghobharnóirí na scoileanna deontaschúnta plean forbartha scoile (PFS) a ullmhú agus a chothabháil.

2. Tiocfaidh na Rialacháin Oideachais (Pleananna Forbartha Scoileanna) (Tuaisceart Éireann) 2010 (arna ndéanamh faoi Airteagal 13(3) agus 90(3) den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998) i bhfeidhm ar [ ] Eanáir 2010. Bainfidh na rialacháin sin le gach plean forbartha scoile arna ullmhú ón [ ] Eanáir 2011 ar aghaidh – ní gá do scoileanna athruithe láithreacha a dhéanamh ar a PFS reatha de bharr go bhfuil na rialacháin seo ag teacht i bhfeidhm. Mar sin féin, ba chóir dóibh cloí leis na riachtanais úra nuair a bheidh siad ag déanamh an chéad athbhreithnithe eile ar a PFS, ar aon dul leis na hamscálaí atá leagtha amach i Rialachán 7 (.i. i ndiaidh cigireacht scoile nó ag deireadh na tréimhse 3 bliana lena mbaineann a PFS).

Féinmheastóireacht agus pleanáil le haghaidh forbairt scoile i dtreo feabhsú scoileanna

3. Is léir go bhfuil an cháipéis *Gach Scoil ina Scoil Mhaith – Beartas um Fheabhsú Scoileanna* ag leagan béime ar fhreagracht na scoile ó thaobh feabhsú scoile de. Tá sé bunaithe ar an bhonn tuisceana gurb iad na scoileanna iad féin is fearr atá ábalta réimsí feabhsúcháin a shainaithint agus athruithe a chur i bhfeidhm atá ábalta torthaí níos fearr a chruthú do dhaltaí. Féinfheabhsú marthanach an toradh atá ar fhéinmheastóireacht agus tá sé sin ag croílár an bheartais um fheabhsú scoile.

4. Ba chóir do scoileanna tabhairt faoi dhianphróiseas machnamhach féinmheastóireachta i dtaca le tréithe na scoileanna maithe atá leagtha amach in Gach Scoil ina Scoil Mhaith; comhfhreagraíonn siad do na táscairí atá leagtha amach in Le Chéile i dTreo Feabhsúcháin, cáipéis de chuid na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (COO). Ba chóir go mbeadh féinmheastóireacht bunaithe ar úsáid éifeachtach sonraí feidhmíochta agus sonraí eile, lena n-áirítear fianaise

chigireachta, agus trí chomhairliúchán le daltaí, tuismitheoirí agus baill foirne, le gnéithe rathúla shaol na scoile a shainaithint, agus na gnéithe úd a bhfuil feabhsú de dhíth orthu. Má mheastar go bhfuil gá le bearta ina dhiaidh sin le feabhsú a chur i gcrích, ba chóir iad a chur isteach sa PFS, uirlis úsáideach le bainisteoireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart atá pleanáilte.

Athbhreithniú ar riachtanais phleanála le haghaidh forbairt scoile

5. Tá ceanglas ar scoileanna PFS a ullmhú ón bhliain 1998 agus rinneadh rialacháin cheana féin sa bhliain 2005. Thug an Roinn gealltanas mar pháirt de Gach Scoil ina Scoil Mhaith go ndéanfadh sí athbhreithniú ar na riachtanais a bhaineann le pleanáil le haghaidh forbairt scoile. D'eisigh an Roinn dréacht-rialacháin le haghaidh comhairliúcháin ón 2 Feabhra go dtí an 26 Márta 2010, ag fáiltiú roimh thuairimí ó scoileanna, ó chomhlachtaí tacaíochta oideachais, ó pháirtithe leasmhara i réimse an chomhionannais agus ón Choiste Oideachais. Fuarthas 77 freagra, agus bhí an chuid ba mhó acu i bhfabhar na moltaí. Tugadh aghaidh ar na saincheisteanna a d'ardaigh na freagróirí trí obair le hathbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin agus le hábhar treorach tacaíochta a ullmhú. Tá achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin, agus freagairt na Roinne ar na saincheisteanna a ardaíodh, curtha ar fáil in Iarscríbhinn A. Tá tuairisc ar an anailís ar thorthaí an chomhairliúcháin ar fáil trí láithreán Gréasáin na Roinne.

Tosaíochtaí pleanála le haghaidh forbairt scoile

6. Bhí sé mar aidhm ag príomhthosaíochtaí na Roinne agus í ag athbhreithniú na rialachán agus an ábhair threoraigh na nithe seo a leanas a chinntiú:
    - tá fócas na pleanála le haghaidh forbairt scoile ar chaighdeáin a ardú, go háirithe caighdeáin ghnóthachtála na ndaltaí i litearthacht, uimhearthacht agus TFC.
    - trí phleanáil le haghaidh úsáid éifeachtach acmhainní airgeadais, daonna agus eile na scoile, is féidir tacú le pleanáil le haghaidh feabhsúcháin; agus
    - is féidir an próiseas féinmheastóireachta agus forbartha a bhainistiú agus soláthraíonn sé solúbthacht do scoileanna lena dtosaíochtaí féin a chinntiú.

Pleananna Forbartha Scoileanna - Rialacháin

7. Leagann na rialacháin amach:
    - nithe ar chóir deileáil leo i bplean forbartha scoile;

- an tréimhse ina mbeidh éifeacht ag an phlean forbartha scoile;
- socruithe le haghaidh foilsiú plean forbartha scoile; agus
- socruithe le haghaidh monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phlean forbartha scoile.

8. Agus iad ag ullmhú agus/nó athbhreithniú phlean na scoile, caithfidh an Bord Gobharnóirí leanúint le dul i gcomhairle leis an phríomhoide, breithniú a dhéanamh ar na torthaí ó aon chigireacht a rinneadh ar an scoil, agus athbhreithniú a dhéanamh ar aon treoir atá tugtha ag an Roinn, an Bord Oideachais agus Leabharlann cuí, agus i gcás na scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil, Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS).

Treoir faoi Phleanáil le haghaidh Forbairt Scoile

9. Le tacú leis na rialacháin athbhreithnithe, rinne an Roinn athbhreithniú fosta ar a treoir faoi phleanáil le haghaidh forbairt scoile. Tá sé mar aidhm ag an treoir cuidiú le scoileanna de réir mar a dhéanann siad iarracht próiseas machnamhach, uileghabhálach, láidir agus ar bhonn fianaise a leabú:
   - éiteas, físráiteas don scoil a leagan síos;
   - féinmheastóireacht;
   - pleanáil;
   - bearta a chur i bhfeidhm le feabhas a chur ar thorthaí na ndaltaí; agus
   - monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

10. Fanann roinnt mhaith de na príomhphrionsabail gan athrú (m.sh. feidhm an PFS, róil agus freagrachtaí, tábhacht an éitis). Mar sin féin, tá sé mar aidhm ag an treoir athbhreithnithe a bheith níos sruthlínithe agus níos soláimhsithe, agus dírithe go soiléir ar phróiseas ardchaighdeán féinmheastóireachta agus pleanáil forbartha a chur chun cinn agus a fhorbairt i ngach ceann dár scoileanna.

11. Sa dóigh sin, tá an treoir ábalta scoileanna a thabhairt trí thimthriall na féinmheastóireachta agus na pleanála forbartha, bunaithe ar thréithe scoile maithe. Leagann sé amach roinnt tréithe pleanála le haghaidh forbairt éifeachtach scoile, ag tarraingt ar Mheasúnú COO ar *Phleanáil le haghaidh Forbairt Scoile 2007-08.* Lena

chois sin, cuireann an treoir scoileanna ar an eolas maidir leis an réimse acmhainní atá ar fáil le tacú leo ina bpleanáil forbartha, lena n-áirítear na cáipéisí athbhreithnithe *Le Chéile i dTreo Feabhsúcháin*, arna fhoilsiú ag an COO.

Eolas Breise

12. Tá cóipeanna den Chiorclán seo, de na rialacháin, den treoir agus de chás-staidéir ar scoileanna ina bhfuarthas samplaí de chleachtas éifeachtach de phleanáil le haghaidh forbairt scoile ar fáil trí láithreán Gréasáin na Roinne http://www.deni.gov.uk/index/85-schools/03-schools_impvt_prog_pg/03-schools_school_improvement_programme-school_development_planning_pg.htm Cuirfear líon teoranta cóipeanna den treoirleabhrán ar fáil ach iad a iarraidh ón Roinn.

13. Is féidir le scoileanna comhairle agus tacaíocht a lorg fosta maidir lena bpleanáil le haghaidh forbairt scoile óna mBord Oideachais & Leabharlann agus, i gcás scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil, CCMS. Is féidir le scoileanna tacaíocht agus cúnamh a iarraidh ó C2k maidir le sonraí a bhainistiú agus is féidir le ceannairí scoile úsáid a bhaint as cláir forbartha cheannaireachta de chuid RTU.

_____

LISA BOAL

An Fhoireann um Chaighdeáin agus Fheabhsú

Iarscríbhinn A:

Freagairt na Roinne ar Shaincheisteanna a Ardaíodh sa Chomhairliúchán

D'eisigh an Roinn dréacht-rialacháin le haghaidh comhairliúcháin ón 2 Feabhra go dtí an 26 Márta 2010 agus fuarthas freagairtí ó 77 eagraíocht agus duine aonair. Den chuid is mó, bhí na freagairtí go mór i bhfách leis na rialacháin athbhreithnithe agus d'aithin siad ról lárnach an PFS ó thaobh phleanáil na scoile uile agus fheabhsú na scoile.

Baineann na príomh-shaincheisteanna a tháinig aníos le (a) inbhainistitheacht; (b) tacaíocht agus (c) cuimsiú riachtanas úr le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Tá achoimre ghairid ar na saincheisteanna a ardaíodh agus freagairt na Roinne curtha ar fáil thíos.

(a) Inbhainistitheacht an phróisis PFS

Aiseolas

Dúirt roinnt mhaith freagróirí gur gá an próiseas pleanála le haghaidh forbairt scoile a bheith simplí, soláimhsithe agus gan a bheith ró-shaintreorach nó trom. Lena chois sin, dúirt roinnt freagróirí gur chóir an Sceideal do na dréacht-rialacháin a dhéanamh ní ba shoiléire agus ba chóir iad a cheangal le *Gach Scoil ina Scoil Mhaith - Beartas le haghaidh Feabhsú Scoileanna.*

Freagairt

Rinne an Roinn athbhreithniú breise ar na rialacháin lena chinntiú go mbeadh ní ba mhó soiléireachta ann, le solúbthacht a thabhairt do scoileanna a gcuid tosaíochtaí féin a leagan síos, bunaithe ar a bhféinmheastóireacht, agus ceangailte le *Gach Scoil ina Scoil Mhaith*, fad is go bhfanann an fócas ar chaighdeáin. Tá an liosta roimhe seo, mar a bhí leagtha amach sa Sceideal, de shaincheisteanna áirithe ar gá aghaidh a thabhairt orthu níos gairide anois agus ceangailte níos mó leis na 4 réimse in *Gach Scoil ina Scoil Mhaith*, .i. ceannaireacht, soláthar páistelárnach, teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán agus naisc éifeachtacha le tuismitheoirí agus pobail.

(b) Tacaíocht do ghobharnóirí agus do cheannairí scoile

Aiseolas

Dúirt roinnt mhaith freagróirí go raibh tacú de dhíth orthu agus iad ag ullmhú a PFS, lena n-áirítear treoir agus aiseolas do scoileanna, tacaíocht do ghobharnóirí agus tacaíocht do cheannairí agus múinteoirí scoileanna ó thaobh úsáid éifeachtach sonraí.

Freagairt

D'ullmhaigh an Roinn treoir athbhreithnithe le tacú leis na rialacháin, a áiríonn liosta ábhar breise tacaíochta. Bhí na Boird Oideachais & Leabharlann (mar pháirt den phlean soiléir tacaíochta), ag comhoibriú, i gcás na scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil, le CCMS, agus shainaithin siad tacaíocht do phleanáil le haghaidh forbairt scoile mar pháirt lárnach dá dtacaíocht do scoileanna le haghaidh feabhsú scoileanna. Áiríonn an tacaíocht sin an caidreamh leis an Oifigeach Ceangail atá ábalta comhairle agus tacaíocht a sholáthar ó thaobh an PFS a fhorbairt, ag cinntiú an tsoláthair d'aon fhorbairt ghairmiúil agus aon riachtanais tacaíochta eile atá sainaitheanta sa phlean, agus cé a thabharfaidh aiseolas ar an PFS, go háirithe ar na spriocanna atá leagtha síos ag an scoil.

(c) Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe

Aiseolas

Chuir formhór na bhfreagróirí i gcoinne an mholta gur chóir riachtanas reachtúil a bheith ar scoileanna cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe a bheith mar pháirt dá PFS. Ina áit sin, mhol freagróirí gur chóir an t-ábhar sin a fhágáil faoi na scoileanna iad féin.

Freagairt

Tá na nithe seo a leanas curtha san áireamh ag an Roinn: na saincheisteanna a ardaíodh sa chomhairliúchán, réimse na leasuithe atá á gcur i bhfeidhm ag scoileanna cheana féin, ár bhfócas soiléir ar chaighdeáin agus an dóigh a bhfuil cúrsaí airgeadais faoi láthair. Chinn an Roinn, mar sin, leanúint ar aghaidh ar bhonn neamhreachtúil – seachas riachtanas reachtúil a chruthú. Tríd an treoir phleanála le haghaidh forbairt scoile, tá an Roinn ag spreagadh scoileanna le breithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaidís forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus iad ag ullmhú a PFS. Sa dóigh sin, faoi na scoileanna atá sé, ag brath ar a gcuid tosaíochtaí féin, breithniú a dhéanamh ar an dóigh ar mian leo an t-ábhar sin a thabhairt ar aghaidh, ag tógáil ar an soláthar d'Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (OFI) sa churaclam

athbhreithnithe agus ag tarraingt ar thuairisc na COO agus ar threoir na mBord faoi chleachtas éifeachtach i dtaca le OFI a chur chun cinn.